Breandán agus an Bád

Breandán agus an Bád

Bhí Breandán ina mhanach. Fear óg gealgháireach a bhí ann. Tógadh cois farraige é. Bhí an-dúil aige san fharraige agus san iascaireacht. Bhí a fhios aige go raibh tír mhór amháin ar an taobh eile den fharraige mhór. Chruinnigh sé cairde agus shocraigh siad go dtógfadh siad bád agus go rachadh siad a chuartú na tíre seo ar son Dé. Chaith siad tamall fada ag obair ar an bhád agus nuair a bhí siad réidh bhí ardáthas ar Bhreandán. Líon siad an bád le torthaí agus le huisce agus d'fhág siad slán ag a gcairde agus d'imigh siad leo. Bhí sé seacht mbliana sular tháinig siad ar ais chun na tíre seo ach idir an dá linn chonaic siad rudaí a chuir iontas agus áthas orthu. Stad siad ina lán áiteacha agus labhair siad le mórán daoine. Casadh manaigh eile orthu agus chonaic siad na héin agus na bláthanna ab áille dá bhfaca siad riamh. Chonaic siad uisce te ag teacht amach ón talamh mar bheadh fuarán ann. Sheol siad in aice le cnoc oighir uair amháin. Ní fhaca siad a leithéid ariamh. Dúirt Breandán nach bhfaca sé rud ar bith chomh hálainn leis ina shaol. Sheol siad leo fríd stoirmeacha agus an fharraige a bhí tógtha. Ba mhinic ceo agus fearthainn throm ann ach lean siad leo. Thaistil siad ó áit go háit ar feadh fada go leor go dtáinig siad ar thír mór.

Bhí a fhios ag Breandán gur seo an tír a bhí á cuartú acu agus thug sé buíochas do Dhia. D'fhág siad an bád ar ancaire agus shiúil isteach sa tír. Bhí gach rud galánta dar leo. Bhí na crainn ramhar le torthaí agus bhí bláthanna de gach saghas ag fás ann. Bhí éin ag ceol agus bhí an ghrian ag soilsiú gan stad lá i ndiaidh lae. Shíl Breandán go raibh siad i dTír na nÓg!

Casadh muintir na háite orthu. Daoine deasa a bhí ann. Thug siad bia do na manaigh agus theagasc siad cuid dá dteanga do Bhreandán. Theagasc sé cúpla focal Gaeilge dóibhsean. Sa deireadh tháinig na manaigh a fhad le habhainn mhór. Ní raibh bád acu agus ní raibh siad in inmhe an abhainn seo a thrasnú. Bhí díomá orthu go léir. Bhí orthu dul ar ais arís. Chuaigh siad ar ais go dtí an cósta. Líon siad an bád le torthaí agus le potaí uisce, thóg siad an t-ancaire agus d'imigh siad leo.

Nuair a tháinig siad ar ais go hÉirinn cuireadh fáilte agus fiche rompu.
Thug na manaigh buíochas do Dhia gur tháinig siad ar ais slán sábháilte.
Nuair a fuair Breandán bás scríobhadh a scéal síos i dteangacha éagsúla.
Creidtear anois go raibh Breandán i Meiriceá míle bliain beagnach sula raibh Columbas ann!!

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning